


## Dhá scéal nuachta

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Tá Cumann na bhFeirmeoirí ag dul i mbun gníomhaíochta in aghaidh na monarchana.
2. Tá na feirmeoirí ag éileamh go dtiocfadh ardú ar phraghas mairteola.
3. Tá na feirmeoirí agus bainistíocht na monarchana i mbun cainteanna ó bhí Dé Luain seo caite ann.
4. Tá áthas ar na feirmeoirí go bhfuil praghas na mairteola ag dul in airde.
5. Is as na Stáit Aontaithe an comhlacht bogearraí atá le poist nua a chruthú i gCorcaigh.
6. Cruthófar breis is céad post.
7. Cuireann *OpenText* bogearraí fostaíochta ar fáil.
8. Tá ionad ag an gcomhlacht cheana féin a chuireann seirbhís tacaíochta ar fáil.
9. Fostófar anailísithe teicniúla amháin.

**Ceist 3** '...tá fearg ar...'

Is minic a théann an réamhfhocal simplí **ar** leis na mothúcháin. An féidir leat cúpla sampla eile a sholáthar?

Cad faoi na cinn seo thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

grá  
éad  
muinín

**Ceist 4** Cuir an t-alt roimh na focail thíos, mar atá déanta sna samplaí seo:

an bhean (bn)	an bád (fir)
an áit, (bn)	an t-uisce (fir)
an teistiméireacht (bn)	an teach (fir)

saghas	_____
feoil	_____
ceoltóir	_____
infheistíocht	_____
cat	_____
cabhair	_____
inspioráid	_____
dream	_____
teistiméireacht	_____

Féach ar na focail seo anois a bhí sa mhír agus cuir an t-alt rompu. Tá na focail an-chosúil leis na cinn thuas agus leanann siad na rialacha céanna. Mar shampla:

praghas	an praghas (fir)
mairteoil	_____
feirmeoir	_____
bainistíocht	_____
post	_____
cathair	_____
corparáid	_____
domhan	_____
tacaíocht	_____

**Ceist 5** '...i mbun...'

Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den urú a chloiseann tú. An féidir leat cúis an uraithe a mhíniú?

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An ndeachaigh tú féin i mbun agóide aon am i do shaol? Cén fáth?
2. An ndéanann sé dochar nó sochar don tsochaí nuair a thógann daoine páirt i sluachorraíl?
3. Cad faoi stailceanna? Ar cheart do dhaoine dul ar stailc mura bhfuil siad sásta lena gcoinníollacha oibre?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Cumann na bhFeirmeoirí – *Farmers' Association*  
na monarchana – *the factories*  
ardú ar phraghas mairteola – *a rise in beef prices*  
dul i mbun agóide – *protesting*  
idir an dá linn – *in the meanwhile*  
bogearraí – *software*  
as seo go ceann dhá bhliain – *from now until two years*  
bogearraí bainistithe faisnéise - *information management software*  
tacaíocht – *support*  
anailísí teicniúil – *technical analyst*  
foireann bainistíochta – *managerial team*  
rannóg – *department*

### Ceist 2

1. Tá Cumann na bhFeirmeoirí ag dul i mbun gníomhaíochta in aghaidh na monarchana. **Fíor.**
2. Tá na feirmeoirí ag éileamh go dtiocfadh ardú ar phraghas mairteola. **Fíor.**
3. Tá na feirmeoirí agus bainistíocht na monarchana i mbun cainteanna ó bhí Dé Luain seo caite ann. **Bréagach – ó bhí Dé Céadaoin ann.**
4. Tá áthas ar na feirmeoirí go bhfuil praghas na mairteola ag dul in airde. **Bréagach – tá fearg orthu mar níl aon ardú tagtha ar phraghas mairteola.**
5. Is as na Stáit Aontaithe an comhlacht bogearraí atá le poist nua a chruthú i gCorcaigh. **Bréagach – Ceanada.**
6. Cruthófar breis is céad post. **Fíor.**
7. Cuireann *OpenText* bogearraí fostaíochta ar fáil. **Bréagach – cuireann siad bogearraí bainistithe faisnéise ar fáil.**
8. Tá ionad ag an gcomhlacht cheana féin a chuireann seirbhís tacaíochta ar fáil. **Fíor.**
9. Fostófar anailísithe teicniúla amháin? **Bréagach – fostófar anailísithe teicniúla agus foireann bainistíochta.**

### Ceist 3

Tá *fearg*, *áthas*, *eagla*, *lúcháir* air.

grá – Tá mé i ngrá leis. Tá grá agam dó.

éad – Tá sí in éad leis.

muintín – Tá muintín agam asat.

### Ceist 4

saghas	<i>an saghas (fir)</i>
feoil	<i>an fheoil (bn)</i>
ceoltóir	<i>an ceoltóir (fir)</i>
infheistíocht	<i>an infheistíocht (bn)</i>
cat	<i>an cat (fir)</i>
cabhair	<i>an chabhair (bn)</i>
inspioráid	<i>an inspioráid (bn)</i>
dream	<i>an dream (fir)</i>
teistiméireacht	<i>an teistiméireacht (bn)</i>
praghas	<i>an praghas (fir)</i>
mairteoil	<i>an mhairteoil (bn)</i>
feirmeoir	<i>an feirmeoir (fir)</i>
bainistíocht	<i>an bhainistíocht (bn)</i>
post	<i>an post (fir)</i>
cathair	<i>an chathair (bn)</i>

corparáid	<i>an chorparáid (bn)</i>
domhan	<i>an domhan (fir)</i>
tacaíocht	<i>an tacaíocht (bn)</i>

### Ceist 5

- i mbun gníomhaíochta, dul i mbun agóide, i gcathair, i gCloich na Coillte – leanann urú an réamhfocal simplí *i*
- mura dtiocfaidh, mura n-ardóidh – uraítear briathra tar éis **mura**
- as a dtugtar seirbhís tacaíochta, a mbeidh scileanna teanga acu – an clásal coibhneasta indéireach
- dá gcustaiméirí – an aidiacht shealbhach, uimhir iolra

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

**Scéal 1**

Tá Cumann na bhFeirmeoirí<sup>1</sup> le dul i mbun gníomhaíochta arís in aghaidh na monarchana mura dtiocfaidh ardú ar phraghas mairteola as seo go ceann cúpla lá. Cé go bhfuil cainteanna<sup>2</sup> ar bun idir feirmeoirí agus bainistíocht na monarchana ó Dé Céadaoin tá fearg ar fheirmeoirí nach bhfuil aon ardú tagtha ar phraghas mairteola. Shocraigh an cumann aréir dul i mbun agóide arís mura n-ardóidh praghsanna idir an dá linn.

**Scéal 2**

Tá sé fógraithe<sup>3</sup> go bhfuil comhlacht bogearraí as Ceanada le breis is céad post nua a chruthú i gcathair Chorcaí as seo go ceann dhá bhliain. Cuireann an comhlacht *OpenText* bogearraí bainistithe faisnéise ar fáil do chorparáidí móra. Tá ionad acu i gCloich na Coillte cheana féin as a dtugtar seirbhís tacaíochta dá gcustaiméirí ar fud an domhain. Le cabhair ó *IDA Ireland* fostófar suas le 105 anailísí teicniúil a mbeidh scileanna teangan<sup>4</sup> acu chomh maith le foireann bainistíochta don rannóg nua.

---

<sup>1</sup> *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann* an teideal oifigiúil

<sup>2</sup> *cainteanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>3</sup> *fógartha* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>4</sup> *teanga* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, seantuiséal ginideach is ea *teangan*